Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025
(OR. en)

9511/25
PV CONS 27
AGRI 229
PECHE 145
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

26 Bealtaine 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8774/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9171/25

Glac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Teachtaireacht maidir le Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia** 9127/1/25 REV 1 6385/25
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle agus thug sí dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil, lena n-áirítear a hachoimre ar an bplé ar an bhfís, agus ar bharúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin, faoina mír 'aon ghnó eile' a glacadh in éineacht leis an mír sin.

4. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin agus an athraithe ar bheartas taraife na Stát Aontaithe[1] 9184/25
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

[1] Aire Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine i láthair.

**Aon ghnó eile**

5. **Talmhaíocht**

(a) **Dearbhú comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine i ndáil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia** — 2 — 9175/25
*Faisnéis ón Laitvia, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin*

Pléadh mír 3 agus mír 5(a) le chéile.

(b) **Tograí reachtacha reatha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Omnibus maidir leis an talmhaíocht** — ❶ C — 8983/1/25 REV 1 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil, agus barúlacha an Choimisiúin, agus barúlacha agus ceisteanna na dtoscaireachtaí.

(c) **Cruinniú Ard-Stiúrthóirí na bhForaoisí (Vársá, an 13 go dtí an 15 Bealtaine 2025)** — 2 — 8695/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le cruinniú Ard-Stiúrthóirí Foraoisí an Aontais (Vársá, an 13 go dtí an 15 Bealtaine 2025) agus an fhreagairt ón gCoimisiún.

(d) **Simpliú Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú (RAEDF): deacrachtaí i ndáil le Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú a chur chun feidhme agus an gá atá le simpliú suntasach** — 2 — 9279/25
*Faisnéis ó Lucsamburg agus ón Ostair, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón tSeicia, ón bhFionlainn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Lucsamburg agus an Ostair ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón tSeicia, ón Iodáil, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóivéin, faoi bharúlacha na dtoscaireachtaí agus faoin bhfreagra ón gCoimisiún.

**Talmhaíocht agus Iascach**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(e)** | **An toirmeasc atá beartaithe ar luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta faoin Rialachán maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán (REACH)**<br>*Faisnéis ón tSeicia agus ón tSlóvaic* | 🖻 | 9225/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, thar ceann na Seicia agus na Slóvaice, agus barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

**Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (f) | Tionchar galar ainmhithe ar earnáil na talmhaíochta – An gá atá le mearfhreagairt ar chaillteanais eacnamaíocha<br>*Faisnéis ón tSlóvaic, le tacaíocht ón tSeicia agus ón Ungáir* | | 9240/25 |
| (g) | Damáiste tromchúiseach mar gheall ar shioc in earnáil torthaí na hUngáire<br>*Faisnéis ón Ungáir* | | 9294/25 |
| **(h)** | **An séú Comhdháil Aireachta Talmhaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach (an Róimh, an 27 Meitheamh 2025)**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 🖻 | 9206/25 |

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**Talmhaíocht agus Iascach**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | **Le haghaidh Comhbheartas Talmhaíochta láidir agus Comhbheartas Iascaigh láidir atá oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo**<br>*Faisnéis ón Iodáil agus ón nGréig, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón Ungáir, ó Éirinn agus ón bPortaingéil* | 🖻 | 9252/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil agus an Ghréig ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón Ungáir, ó Éirinn agus ón bPortaingéil agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**Talmhaíocht**

**(j) Vacsaíniú – uirlis sa chomhrac i gcoinne galair ainmhithe** [P2] 9280/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Ungáir, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin maidir le vacsaíniú — uirlis sa chomhrac i gcoinne galair ainmhithe.

Thug an Chomhairle dá haire freisin idirghabhálacha na dtoscaireachtaí agus freagairt an Choimisiúin.

**(k) Tograí reachtacha reatha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Dúshláin earnáil an bheostoic a bhaineann leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht Eorpach maidir le hiompar ainmhithe beo** ❶ [C] 9278/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Iodáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón Eastóin, ón nGréig, ón Ungáir, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil agus ón Rómáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón Eastóin, ón nGréig, ón Ungáir, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil agus ón Rómáin, faoi idirghabhálacha na dtoscaireachtaí agus faoin bhfreagairt ón gCoimisiún.

---

❶ An chéad léamh

[P2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún